II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/683 ÓN gCOMHAIRLE

**an 17 Márta 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhairle um Chomhar arna bunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, i ndáil le Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt a chur ar bun agus téarmaí tagartha an Fhochoiste sin a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile ("an Comhaontú"), a thabhairt i gcrích ag an Aontas le Cinneadh (AE) 2018/1107 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2018.

(2) De bhun Airteagal 111(1) den Chomhaontú, bunaíodh Comhairle um Chomhar chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. De bhun Airteagal 112(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle um Chomhar a chinneadh aon fhochoiste speisialaithe nó aon chomhlacht speisialaithe a chur ar bun ar féidir leo cúnamh a thabhairt di a cuid cúraimí a chomhlíonadh. Socraíonn an Chomhairle um Chomhar comhdhéanamh agus cúraimí na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin agus conas a fheidhmeoidh siad.

(3) Chuir an tAontas agus an Iaráic araon in iúl gur spéis leo Fochoiste speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt a chur ar bun chun idirphlé tiomnaithe ar gach gné den chomhar um fhorbairt idir an tAontas agus chun an Iaráic a éascú agus chun cur chun feidhme éifeachtach chláir forbartha an Aontais san Iaráic a chur chun cinn.

(4) Tá an Chomhairle um Chomhar le cinneadh a ghlacadh maidir le Fochoiste speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt a chur ar bun agus maidir lena théarmaí tagartha a ghlacadh le linn tríú seisiún de chuid na Comhairle um Chomhar, nó, más iomchuí, trí nós imeachta i scríbhinn roimh ré nó ina dhiaidh, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) dá Rialacha Nós Imeachta ([2]).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Chomhar a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ón gComahairle um Chomhar ina cheangal ar an Aontas,

([1]) Cinneadh (AE) 2018/1107 ón gComhairle an 20 Iúil 2018 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích, IO L 203, 10.8.2018, lch. 1.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2013 den Chomhairle um Chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Iaráic an 8 Deireadh Fómhair 2013 lena nglactar a rialacha nós imeachta agus rialacha nós imeachta an Choiste um Chomhar (2013/802/EU) (IO L 352, 24.12.2013, lch. 68).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Chomhar arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, i ndáil le Fochoiste speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt a chur ar bun agus téarmaí tagartha an Fhochoiste sin a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Chomhar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL